Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5271/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0351(NLE)**

**ESPACE 4**
**EEE 1**
**RECH 9**
**COMPET 33**
**IND 17**
**EU-GNSS 1**
**TRANS 7**
**AVIATION 1**
**MAR 2**
**TELECOM 9**
**MI 23**
**CSC 31**
**CSCGNSS 1**
**CSDP/PSDC 24**
**AELE 2**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán |

**CINNEADH …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle[2+], an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán ('an Comhaontú'), síníodh é an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Ó thaobh na geopholaitíochta de, le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le rochtain na hÍoslainne ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear an comhar idirnáisiúnta chun cinn mar a shainmhínítear sa Straitéis Spáis don Eoraip. Le Comhaontú leis an Íoslainn, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais, ar cuspóir é de chuid Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

---

[2] Cinneadh (AE) …/… ón gComhairle an … maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán (IO L, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5274/26 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

[++] IO: Cuir isteach sa téacs dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 5275/26.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Formheastar leis seo an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÍoslainne i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán[3*].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

3 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in … [*cuir isteach tagairt IO*].

* Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.